

Ceacht Péinte agus Dathanna le Ranganna Naíonán go dtí 2 'Scáthanna Fearhainne Geala Daite' Gemma Mc Girr

<u>Snáth Curaclaim:</u>	Péint agus Dath (Curaclam Amharcealaíona Ich. 19)
<u>Cuspóir:</u>	<i>Dath, patrún agus rithim a fhionnachtan i nithe daite (Ich. 19) Déan dath, patrún agus rithim i nithe nádúrtha agus saorga a fhionnachtan agus a léirmhíniú i saothar an dalta (Ich. 32)</i>
<u>Nasc:</u>	Líníocht > Déan líníochtaí bunaithe ar mhothúcháin a bhfuil cuimhne ghéar agat orthu, eispéiris fhíora nó shamhalta, agus scéalta (Ich. 18) <i>Cruth a fhiosrú mar a fheictear é in ábhair nádúrtha agus shaorga agus a bheith eolach faoi chruth na scáileanna a chaitheann rudaí (Ich. 30)</i> Prionta > Bain triail as éifeachtaí is féidir a bhaint amach le déanamh priontaí simplí (Ich. 20) <i>Réimse de theicnící déanamh priontaí a úsáid chun priontaí téamabhunaithe nó neamhthuairisciúla a dhéanamh (Ich. 34)</i>
<u>Féidearthachtaí Imeasctha:</u>	<i>Eolaíocht: Ábhair atá uiscédhíonach a aithint (Ich. 27) Ábhair a shúnn isteach uisce agus ábhair uiscédhíonacha a aithint agus a fhiosrú (Ich. 46) Tíreolaíocht: Coinníollacha éagsúla aimsire a bhreathnú agus a phlé le teanga shimplí (Ich. 26) Bealaí a dtéann an aimsir i bhfeidhm ar shaol daoine a aithint (Ich. 42) Teanga Labhartha: Breis eolais a thabhairt mar fhreagra ar nota an mhúinteora (Ich. 20) Éirí níos soiléire maidir le daoine, áiteanna, amanna, próisis agus imeachtaí trí shonraí léirmhíniútheacha a chur leis na nithe atá á dtuairisciú agus á n-insint (Ich. 29) SPHE: Glacadh leis an ngá atá le haire a thabhairt do do cholainn féin chun go mbeadh sí sláintiúil agus folláin, agus é sin a thuiscint (Ich. 17) Glacadh leis an ngá atá le haire a thabhairt do do cholainn féin chun go mbeadh sí láidir agus sláintiúil, agus é sin a thuiscint (Ich. 27)</i>

Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:

Ag Tosú: Sula dtosaím rang ealaíne sílim gur mór an chabhair í cleachtadh beag a dhéanamh leis na leanaí chun a gcuid samhlaíochta a scaoileadh saor agus chun timpeallacht shábháilte a chruthú sa seomra ranga dóibh ar mhaithe lena saothar a thaispeáint agus a phlé gan eagla ná náire. “Nuair a bhí mise i mo leanbh d’fhéadfadh sé sé seachtaine a thógaint orainn grianghraf a chur chuig mo chol ceathracha san Astráil. Is féidir linn grianghraif a sheoladh anois i gcúpla nóiméad le fón póca! Is féidir é seo a dhéanamh mar gur bhain daoine úsáid as a gcuid samhlaíochta. Is féidir le rud ar bith tarlú inár samhlaíocht má ligimid dó! Dún do shúile agus samhlaigh doras mór. Tig le dath ar bith is mian leat a bheith air. Scríofa i litreacha móra ar an doras tá an focal SAMHLAÍOCHT. Síin amach do lámh agus oscail an doras go mall, scaoil amach do shamhlaíocht! Oscail do shúile agus lig dom an loinnir a fheiceáil iontu! Is féidir linn ár rogha rud a dhéanamh anois, tá ár samhlaíocht ag obair agus is duine ar leith gach duine dinn!”

Ábhair Riachtanacha: Páipéar
Pailéid
Péint phóstaeir gorm, buí, dearg, bán agus dubh
Soithigh uisce
Scuabanna éagsúla
Ceirteacha J-cloth (nó seantuáillí/tuáillí tae gearrtha go méid éadach aghaidhe)

Spreagadh:

“Conas a mhothaíonn sé a bheith amuigh faoin mbáisteach? Conas a fhanann daoine tirim nuair a bhíonn siad amuigh lá báistí? Mura bhfuil cochall ag duine ar sheaicéad nó cóta, cad is féidir leo a úsáid? Mura bhfuil hata acu cad is féidir leo a úsáid? An bhfuil scáth fearthainne ag aon duine sa bhaile? Cén dath atá air? Cén dath atá ar scáth fearthainne Mhamó? Cad iad na dathanna a mheasann tú a d’fhéadfaí a úsáid chun scáth fearthainne a dhéanamh a thógfadh ár gcroí lá fliuch? Cén dath is fearr leat? An bhféadfá níos mó ná dath amháin a úsáid ar do scáth fearthainne? Cá rachfá ar shiúlóid lá fliuch? Cén áit is maith leat dul amach ag siúl? Cé a théann leat? Cad a bhíonn le feiceáil ar do shiúlóid? An bhféadfá leid a thabhairt dom i do phéintéireacht faoin áit a rachaidh tú ag siúl le do scáth fearthainne gheite?”

Gníomhaíocht:

Déanann na leanaí péintéireachtaí díobh féin amuigh ag siúl lena scáthanna fearthainne. Agus iad ag obair, spreag iad chun labhairt faoi na ‘leideanna’ a chuirfidh siad isteach le taispeáint dúinn cá bhfuil siad ag siúl. Spreag iad chun labhairt faoi na dathanna atá á n-úsáid acu, go háirithe má dhéanann siad ‘dathanna nua’ trí na príomhdathanna a mheascadh. Nuair a bhíonn a bpéintéireachtaí críochnaithe ag na leanaí, síníonn siad iad mar a dhéanann ealaíontóirí!

Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair a bhíonn siad réidh, tabhair am dóibh chun a bpéintéireachtaí a phlé. Beidh scéalta go leor le hinsint acu faoin áit a bhfuil siad ag siúl agus cé atá leo. Bainfidh siad taitneamh chomh maith as míniú a thabhairt faoin gcaoi ar mheasc siad a gcuid dathanna. Is féidir é seo a dhéanamh le ‘Cathaoir an Ealaíontóra’ mar a dtaispeánfaidh na leanaí a gcuid péintéireachtaí ar a seal agus tuairisc a thabhairt orthu. Cuir péintéireachtaí na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó sa dorchla.

Spreag na leanaí chun freagairt do phéintéireacht Renoir *Na Scáthanna Fearthainne*. Féach na dathanna a d’úsáid an t-ealaíontóir, cad a cheapann tú faoi? Féach go han-ghéar ar an bpictiúr, cé mhéid dath is féidir a fheiceáil? Ainmnigh na dathanna. Cad iad na leideanna a thug an t-ealaíontóir faoin áit a bhfuil na daoine? Dá bhféadfaidís dul isteach sa phictiúr, conas a bheadh sé? Cad atá ina lámh ag an gcaillín beag? Ar imir siad riamh cluiche le fonsa? Cad é a mbarúil faoin gcaoi a bhfuil na daoine gléasta?

Gníomhaíochtaí breise:

Féadfaidh na leanaí páipéar nó fabraic daite a chur le péintéireachtaí eile chun saothar ‘meáin mheasctha’ a dhéanamh.

Féidearthachtaí TCF:

Is feidhmchlár péintéireachtaí do leanaí bunscoile é *2Paint a Picture* atá an-éasca le húsáid. Is féidir leo triail a bhaint as stíleanna éagsúla scaibe, patrúin shimplí a dhéanamh agus triail a bhaint as dathanna a mheascadh. Tá rannóg “roghanna múinteora” ann a thugann stiúir duit ar na nithe a phriontáiltear agus a shábháiltear.

An DVD Is Ealaíontóir Mé**a Úsáid:**

Tugann na cláir *Péint agus Dath* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil agus a chloisteáil ag plé dathanna agus a dtuairimí faoi iad a mheascadh. Is féidir na leanaí a chloisteáil ag caint faoina saothar chomh maith.

Nóta:

Trí ‘leideanna’ a thabhairt isteach faoin áit ina bhfuil na leanaí sna péintéireachtaí, táimid á spreagadh chun smaoineamh faoi chúlra gan an

iomarca béime a chur air. Cuireann sé na leanaí ag machnamh faoin bpictiúr chomh maith, faoi na sonraí ba mhaith a chur isteach, agus faoin rogha dathanna a dhéanfaidh siad.

Ealaíontóirí Ábhartha: Auguste Renoir

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

Na Scáthanna Fearthainne (Les Parapluies) le Renoir

<http://www.renoir.org.yu/painting.asp?id=177>

Is tairseach é Scoilnet chuig a lán suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga

<http://www.scoilnet.ie>